Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0032(NLE)**

**6001/1/24**
**REV 1**

**UK 6**
**UD 17**
**POLCOM 37**
**AGRI 64**
**FOOD 11**
**VETER 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 57 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 57 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 57 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2024
COM(2024) 57 final

2024/0032 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i dtaca le cinneadh ón gComhchoiste atá beartaithe a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor[1] ('Cinneadh Uimh. 1/2023'). Tá Creat Windsor[2] ina dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Creat Windsor

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 27 Feabhra 2023, tháinig an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor. An Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a tionóladh i Londain an 24 Márta 2023, ghlac an Comhchoiste sin na socruithe nua a bhaineann le Creat Windsor, lena n-áirítear Cinneadh Uimh. 1/2023, agus chomhaontaigh an dá Pháirtí oibriú go dlúth agus go dílis le chéile chun gach gné de Chreat Windsor a chur chun feidhme.

### 2.2. An Comhchoiste

Ar an gComhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad nó arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe agus socraíonn sé a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre de chomhthoil.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus ar na cúraimí sin tá an méid seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n- áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;

1 Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor, OJ L 102, 17.4.2023, lgh. 61–83.

2 Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, glacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ('an gníomh atá beartaithe'), de bhun Airteagal 164(4)(e) den Chomhaontú um Tharraingt Siar chomh maith le hAirteagal 5(2) de Chreat Windsor.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe go gceadófar d'oibreoirí i dTuaisceart Éireann táirgí de thionscnamh tríú tíortha agus atá faoi réir taraif-chuótaí sa Ríocht Aontaithe a allmhairiú trí bhíthin iompar díreach, ar choinníoll nach bhfuil baol ann go rachaidh na táirgí sin isteach i margadh inmheánach an Aontais.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar. I gcomhréir le Riail 9 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste agus na gCoistí Speisialaithe, sonrófar sna cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste an dáta a thiocfaidh na cinntí sin i bhfeidhm.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas an 1 Feabhra 2020. Tá feidhm ag Creat Windsor ó dheireadh na hidirthréimhse, i.e. amhail ón 1 Eanáir 2021. Ní eascraíonn cearta agus oibleagáidí do thríú tíortha as na socruithe déthaobhacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoi Chreat Windsor.

Dá réir sin, aon allmhairí atá faoi réir tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí nó cuótaí eile ar allmhairí a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí de thionscnamh tríú tír a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann, ní fhéadfaí na hallmhairí sin a áireamh mar chuid de chearta an tríú tír sin i leith an Aontais.

An 16 Nollaig 2020, ar bhonn na mbreithnithe thuas, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/2170 maidir le taraif-chuótaí an Aontais agus cuótaí eile ar allmhairí a chur i bhfeidhm[3]. Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin maidir le hearraí a allmhairítear ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuiltear in ann caitheamh leis na hearraí sin de bhun tharaif-chuótaí an Aontais ar allmhairí nó cuótaí eile ar allmhairí ach amháin má scaoiltear i saorchúrsaíochta iad i gcríoch chustaim an Aontais.

Ina theannta sin, le forálacha ábhartha Chinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste[4] ('Cinneadh Uimh. 4/2020'), atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 24 Márta 2023, agus Chinneadh 1/2023, go háirithe Airteagal 3(1)(b) de Chinneadh Uimh. 4/2020 agus Airteagal 7(1)(b) de Chinneadh 1/2023, ní cheadaítear d'oibreoirí i dTuaisceart Éireann earraí atá faoi réir tharaif-chuótaí na Ríochta Aontaithe a allmhairiú go díreach ó thríú tíortha tríd an ráta taraife laistigh den chuóta is infheidhme a íoc. I gcás táirgí atá faoi réir tharaif-chuótaí an Aontais nó na Ríocht Aontaithe ar allmhairí, ós rud é go mbíonn na rátaí taraife lasmuigh den chuóta an-ard de ghnáth, tá oibreoirí i dTuaisceart Éireann faoi mhíbhuntáiste maidir le hallmhairiú táirgí ó thríú tíortha atá faoi réir taraif-chuótaí an Aontais nó na Ríochta Aontaithe.

---

3 IO L 432, 21.12.2020, lch. 1

4 Cinneadh Uimh. 4/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 maidir le cinneadh earraí nach bhfuil i mbaol, IO L 443, 30.12.2020, lgh. 6-12.

Léirigh an Ríocht Aontaithe an gá atá le tráchtearraí agraibhia áirithe de thionscnamh tríú tíortha, go háirithe táirgí feola, a scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann lena dtomhailt agus lena bpróiseáil go háitiúil. Chuir an Ríocht Aontaithe fianaise ar fáil freisin gur aistríodh táirgí den sórt sin idir codanna eile den Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann agus chuir sí in iúl gur mian léi go gceadófaí d'oibreoirí i dTuaisceart Éireann úsáid a bhaint as taraif-chuótaí na Ríochta Aontaithe is infheidhme maidir leis na hearraí sin le haghaidh allmhairiú díreach isteach i dTuaisceart Éireann ó thríú tíortha ar choinníoll nach rachaidh na hearraí isteach i margadh inmheánach an Aontais.

Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú chun catagóir shonrach earraí nach bhfuil baol ann go rachaidh siad isteach san Aontas a chruthú, catagóir lena gcumhdaítear earraí de thionscnamh tríú tíortha a allmhairítear go díreach isteach i dTuaisceart Éireann agus atá faoi réir tharaif-chuótaí na Ríochta Aontaithe ar allmhairí. Chuige sin, ba cheart catagóir shonrach próiseála neamhthráchtála chun críche díola agus tomhaltais deiridh sa Ríocht Aontaithe a chruthú ina mbeidh earraí a liostaítear in Iarscríbhinn nua a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023, agus go gcruthófar an chatagóir nua sin trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 6 den Chinneadh sin. Ina theannta sin, ba cheart Airteagal 7 den Chinneadh sin a leasú chun na coinníollacha sonracha i gcás na n-earraí a liostaítear san Iarscríbhinn nua ábhartha agus a phróiseáiltear go neamhthráchtála ar bhonn Airteagal 6 de Chinneadh Uimh. 1/2023 a leagan amach, ar coinníollacha iad is gá a chomhlíonadh ionas go measfar nach bhfuil baol ann go n-aistreofar na hearraí sin chuig an Aontas. Is iad seo a leanas na coinníollacha sin:

(a) Ní mór gurb iad oibreoirí atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 de Chinneadh Uimh. 1/2023 (atá le leasú dá réir) a allmhaireoidh na hearraí ábhartha;

(b) Na rátaí dleachta laistigh den chuóta agus lasmuigh de araon a chinntear ar bhonn rialacha is infheidhme an Aontais agus na Ríocht Aontaithe, leagtar amach na rátaí sin san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Cinneadh 1/2023;

(c) Ní mór don oibreoir iarratas a dhéanamh ar rochtain ar tharaif-chuóta ábhartha de chuid na Ríochta Aontaithe; agus

(d) Leagtar amach uaschainníocht bhliantúil an earra arna allmhairiú san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023.

Ar bhonn phointe (b) thuas, sásra comparáide dleachta dá bhforáiltear i gCinneadh Uimh. 1/2023 le haghaidh allmhairiú díreach earraí de thionscnamh tríú tíortha isteach i dTuaisceart Éireann, níl aon sásra den sórt sin infheidhme maidir leis na hearraí ábhartha; dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 7 de Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú dá réir.

Ós rud é go bhfuil na hearraí a chumhdaítear leis na socruithe sin an-íogair agus go bhfuil siad faoi réir rátaí dleachta lasmuigh den chuóta atá ard go ginearálta, ba cheart sásraí faireacháin agus tuairiscithe breise a áireamh i gCinneadh Uimh. 1/2023 chun a áirithiú nach rachaidh na hearraí ábhartha isteach i margadh inmheánach an Aontais. Chuige sin, ba cheart Airteagal 9 de Chinneadh Uimh. 1/2023 a leasú chun coinníollacha sonracha a thabhairt isteach le haghaidh oibreoirí atá údaraithe chun earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gCinneadh sin a allmhairiú. Sonraítear leis na coinníollacha sin, i gcás ina ndéanfaidh oibreoirí iarratas ar na húdaruithe dá bhforáiltear in Airteagail 9 go 11 de Chinneadh Uimh. 1/2023, agus ina ndearbhóidh siad go bhfuil rún acu earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a allmhairiú, go mbeidh ar na hoibreoirí sin faisnéis a sholáthar maidir leis na cainníochtaí bliantúla atá beartaithe a allmhairiú agus maidir leis an gcatagóir custaiméirí laistigh den Ríocht Aontaithe a ndíolfar na hearraí leo; i gcás trádálaithe a allmhairíonn earraí a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go bliantúil. Ina

theannta sin, ceanglaítear ar thrádálaithe atá údaraithe na hearraí sin a allmhairiú faisnéis *ex-post* a chur ar fáil, ar bhonn bliantúil freisin, maidir leis na cainníochtaí a allmhairíodh agus maidir leis an gcatagóir custaiméirí lenar díoladh na hearraí.

Cuirtear isteach oibleagáid tuairiscithe bhreise trí Airteagal 14 de Chinneadh Uimh. 1/2023 a leasú. Foráiltear leis an leasú sin maidir le húdaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, arna iarraidh sin d'ionadaithe an Aontais, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad ag deireadh gach tréimhse chuóta bliantúil, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla sin faisnéis a sholáthar do na hionadaithe sin, in aghaidh an údaraithe agus in aghaidh na sraithuimhreach cuóta, maidir leis an gcainníocht a úsáideadh le linn thréimhse an chuóta bhliantúil agus maidir leis an gcainníocht atá fós ar fáil ag deireadh na tréimhse sin, chomh maith le faisnéis chomhiomlánaithe maidir le díol nó úsáid na n-earraí sin i ndáil le catagóirí ábhartha ceannaitheoirí laistigh den Ríocht Aontaithe.

Ba cheart Airteagal 15 de Chinneadh Uimh. 1/2023 a leasú chun go dtabharfaí isteach an deis don Chomhchoiste athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn ábhartha chomh maith leis an oibleagáid ar gach Páirtí an Páirtí eile a chur ar an eolas gan mhoill faoi athruithe atá beartaithe ar na taraifí a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha.

Áirítear sa chinneadh atá beartaithe Iarscríbhinn a bheidh ina hIarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023. Liostaítear go mion san Iarscríbhinn seo na hearraí a chumhdaítear leis na socruithe a leagtar amach thuas. Liostaítear na hearraí san Iarscríbhinn ar bhonn na sraithuimhreacha ábhartha maidir le taraif-chuótaí na Ríochta Aontaithe. Maidir le gach sraithuimhir chuóta, tá na sonraí seo a leanas sa tábla atá san Iarscríbhinn: táirgí ábhartha (a léirítear maidir leis na cóid tráchtearraí faoi seach); tír thionscnaimh; an uaschainníocht bhliantúil; rátaí dleachta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe, ar rátaí dleachta laistigh agus lasmuigh den chuóta iad; agus tréimhse an chuóta bhliantúil. I gcás athruithe ar cheann amháin nó níos mó de na sonraí sin, mura ndeimhníonn an Comhchoiste na hathruithe sin i gCinneadh nua, beidh an tagairt do na hearraí sin as feidhm.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunófar ' '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

[5] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú um Tharraingt Siar.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Comhaontú um Tharraingt Siar.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substainteach dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, arb é an t-aon chuspóir amháin atá aige agus arb é an t-ábhar atá ann Cinneadh Uimh. 1/2023 a leasú, baineann sé le Creat Windsor, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, a tugadh i gcrích ar bhonn Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50(2) CAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 50(2) CAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar Cinneadh Uimh. 1/2023 leis an ngníomh atá beartaithe, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0032 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[6] an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste, arna bhunú faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste'), ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme, agus tá na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag na cinntí sin agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.

(3) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin Creat Windsor[7].

(4) Maidir le gluaiseacht earraí, le hAirteagal 5(2) de Chreat Windsor cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena mbunófar na coinníollacha faoina measfar nach próiseáil tráchtála í an phróiseáil agus na critéir lena measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuil baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin.

(5) Is inmhianaithe feabhas a chur ar oibriú na scéimeanna a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an

[6] IO L 29, 31.1.2020, lch. 1.

[7] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor, i ndáil le taraif-chuótaí na Ríochta Aontaithe a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann, maidir le hearraí a shonraítear in Iarscríbhinn V atá beartaithe, le hallmhairiú na n-earraí sin isteach i dTuaisceart Éireann.

(6) Ba cheart don Chomhchoiste, le linn an chéad chruinnithe eile a thionólfar, cinneadh a ghlacadh de bhun Airteagal 164(4)(e) den Chomhaontú um Tharraingt Siar chomh maith le hAirteagal 5(2) de Chreat Windsor chun leasú a dhéanamh ar Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, Cinneadh lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a shocrú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bhunófar é.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*